# Nuacht Neasáin

Meán Fómhair
2015 (2)

**Dátaí don Dialann**

An Chéad Chomaoineach / First Holy Communion

23 Aibreán 1916

An Cóineartú / Confirmation

15 Aibreán 1916

(Dáta sealadach / provisional date requested)

Míle buíochas do chuile dhuine a d'íoc as an scéim cíosa agus as costais tús bliana. Tabhair faoi deara go bhfuil cóipleabhair / filteáin / ábhar mata / leabhair oibre agus costas árachas pearsanta do pháiste san áireamh san íocaíocht seo.
*Many thanks to everybody who has paid the start of year charges. Please note that this cost covers your child's insurance, copies, maths equipment, art materials, folders, certain books and the school diary.*

**Clogaid ar na Rothair**
**Ba chóir go mbeadh clogad á chaitheamh i gcónaí ag gach páiste a thagann ar scoil ar rothar.**
***All children cycling to school must wear a helmet.***

## Teacht agus Imeacht ón Scoil

*Tá gach duine ag socrú ar ais ar scoil agus ba mhaith linn aird a tharraingt ar chúpla rud.*

*Osclaítear geataí na scoile ar maidin ag 8.40agus is féidir le páistí teacht go dtí an halla. Iarrtar ar thuistí na páistí a fhágáil sa halla agus láthair na scoile a fhágáil. Níor chóir go mbeadh aon tuismitheoir amuigh sa chlós seachas na tuismitheoirí ainmnithe le bheith ar róta feitheoireachta agus a bhfuil an próiseas grinnscrúdaithe garda comhlíonta acu mar a bhaineann le Scoil Neasáin.*

*Mar a chéile ag deireadh an lae ba chóir go bhfágfadh páistí láthair na scoile. Tá nós tosaithe go mbíonn páistí ag rith timpeall ar an bhféar go háirithe ag 1.30. Bíonn ranganna agus cruinnithe ar bun agus bíonn cuir isteach ar an bhfoghlaim nuair a scoiltear le páistí anseo. Iarraim ar gach duine a chinntiú nach mbíonn páistí ag spraoi anseo ag deireadh an lae.*

*Beidh sé thar a bheith tábhachtach feitheoireacht cuí a dhéanamh ar na páistí ag teacht agus ag imeacht ón scoil nuair a thosnaíonn an obair ar na fuinneoga.*

*Tabhair faoi deara freisin nach bhfuil cead ag madraí bheith ar láthair na scoile ar bhonn sláinte agus sábháilteachta ach amháin I gcás go bhfuil siad ann mar thaca do pháiste.*

*We are all settling back to school and we would like to draw your attention to a number of points.*

*The school gates are opened at 8.40 in the morning (10 minutes ahead of the school's official opening time). Parents may leave their children to the school hall at this time but are requested to drop them off and not to congregate within the school. Only parents who are assigned to supervision and Garda vetted for Scoil Neasáin should be in the yard in the morning.*

*Similarly at the end of the school day all children should leave the school campus once the school day is over. A habit of playing and running around within the grounds has started especially at 1.30. Classes are taking place at this time and the noise outside can be a source of distraction to the learning taking place in the classrooms. We ask that all parents and childminders ensure that this does not happen.*

*Fully supervised access and egress to and from the school will be very important once the window refurbishment project begins at the end of the month.*

*Please note that dogs are not allowed on the school premises except where the dog is required as a guide dog. We ask that this be observed by all dog owners on health and safety grounds.*

## Gaeilge Timpeall na Scoile

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach duine a chuid leis an nGaeilge a chothú mar theanga bheo phobail na scoile, agus ní amháin teanga a labhraítear ó 9.00 go 2.30.
Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil a lán Béarla á labhairt timpeall na scoile le déanaí, agus tuismitheoirí ag fágáil páistí agus á mbailiú. Iarraimid oraibh iarracht mhór a dhéanamh gan aon Bhéarla a labhairt timpeall na scoile, le múinteoirí, páistí, nó tuismitheoirí eile. Le do thoil spreag na páistí le Gaeilge a labhairt le chéile i gcónaí.

*In a Gaelscoil, it is vital that every member of the school community does their part to make Gaeilge a vibrant and living language, and not just something that is imposed from 9.00 to 2.30.*
*We have noticed that there is a lot of English being spoken around the school, when parents are dropping children and picking them up. Please make a big effort not to speak any English at school, to teachers, children, and other parents. Please encourage children to speak Irish to each other if you are giving lifts etc.*
*'Beatha teanga í a labhairt'*